



DÁTAÍ NA SCRÚDUI THE TEISTIMÉIREACHTA 2019

CHUIG ÚDARÁIS NA SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL

A. TRÁTHCHLÁIR AGUS SCEIDIL FAOI IAMH

Tá cúig cháipéis ina leagtar amach dátaí na Scrúduithe Teistiméireachta in 2019, cáipéisí a foilsíodh ar shuíomh gréasáin CSS, faoi iamh le cur ar taispeáint i do scoil. Is iad seo a leanas na cáipéisí atá faoi iamh:

1. Tráthchlár na scrúduithe scríofa san Ardeistiméireacht i Meitheamh 2019.
2. Tráthchlár na scrúduithe scríofa san Ardeistiméireacht Fheidhmeach i Meitheamh 2019. (curtha i láthair mar cháipéis neamhspleách i 2019)
3. Tráthchlár na scrúduithe scríofa sa tSraith Shóisearach i Meitheamh 2019.
4. Sceideal de spriocanna agus de dhátaí na scrúduithe nach scrúduithe scríofa iad san Ardeistiméireacht, san Ardeistiméireacht Fheidhmeach agus i nGairmchlár na hArdeistiméireachta. San áireamh sa sceideal sin tá dáta an scrúdaithe scríofa sna Nascmhodúil de Ghairmchlár na hArdeistiméireachta a bheidh ar siúl Dé Céadaoin, 1 Bealtaine, 2019, mar aon le dáta na Trialach Feidhmíochta Praiticiúla agus na trialach scríofa i dTeicneolaíocht na Faisnéise (Speisialachas) san Ardeistiméireacht Fheidhmeach a bheidh ar siúl Dé Céadaoin, 15 Bealtaine, 2019.
5. Sceideal de spriocanna agus de dhátaí na scrúduithe nach scrúduithe scríofa iad sa tSraith Shóisearach.

Tá na cáipéisí go léir oiriúnach le cur ar taispeáint ar chláir fógraí. Féadfaidh na hiarrthóirí a gcuid cóipeanna pearsanta féin a chóipeáil anuas ó roinn Faisnéise Scrúduithe ar shuíomh gréasán Choimisiúin na Scrúduithe Stáit, www.examinations.ie.

B. TRÁTHCHLÁIR NA SCRÚDUI THE SCRÍOFA

Tabhair faoi deara go cúramach na hathruithe tráthchláir atá ann agus iarr ar na scoláirí atá ag déanamh na n-ábhar a bhfuil mioneolas fúthu thíos aird ar leith a thabhairt ar an rud go bhfuil na scrúduithe seo sceidealaithe do laethanta difriúla i gcomparáid leis na blianta roimhe seo.

Tráthchlár na hArdeistiméireachta

1. Ar mhaithe le leas iarrthóra, ta níos mó ama tugtha do na scrúduithe scríofa i dtráthchlár na hArdeistiméireachta ná an spás de 13 lá a bhíodh ann go traidisiúnta. Rinneadh an tráthchlár nua breisithe a dhearadh chun brú ar iarrthóirí a laghdú trí deireadh a chur le caismirtí ábhar, a oiread agus is féidir. Leagadh béim ar leith ar a dheimhniú nach bhfuil ach seans fíorbheag ann go mbeidh ar iarrthóirí tabhairt faoi thrí scrúdú in aon lá amháin. Níl deireadh curtha leis na caismirtí ar fad áfach agus tá féidearthacht fós ann go mbeadh ar roinnt iarrthóirí tabhairt faoi thrí scrúdú in aon lá amháin in 2019 nó i mbliain eile amach anseo, i ngeall ar na hábhair a roghnaíonn siad.

Beidh scrúduithe 2019 ar siúl thar thréimhse de 15 lá, ag tosú An Chéadaoin 5 Meitheamh agus ag críochnú An Mháirt 25 Meitheamh. Sa tábla thíos taispeántar sceideal na scrúduithe An Luan 24 agus An Mháirt 25 Meitheamh.

| Dáta | Maidin | Tráthnóna |
|---------------------------------------|---|---|
| An Luan 24 Meitheamh (Lá 14) | Iodáilis Rúisis | Léann Clasaiceach Laidin Teicneolaíocht |
| An Mháirt 25 Meitheamh (Lá 15) | Seapáinis Polaitíocht agus Sochaí Araibis | |

Níl scrúdú ar bith ar an tráthchlár le haghaidh tráthnóna Lá 15. Ó 2020 ar aghaidh bainfear feidhm as an seisiún seo chun scrúduithe nua a chur isteach gan stró.

Soláthritear sonraí i roinn D thíos maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do údarais na scoileanna de bharr tráthchlár breisithe na hArdteistiméireachta.

- Tá tionchar ar an gclár lasmuigh den dá lá a chuirfear isteach ag an deireadh. Tá athruithe tagtha chun cinn tríd síos de bharr tráthchlár nua a chruthú chun na caismirtí a laghdú. Tá liosta iomlán na n-ábhar a raibh tionchar orthu i 2019 leagtha amach thíos anseo.

| Ábhar | Ó (2018 Dáta) | Go (2019 Dáta) |
|---|----------------------|-----------------------|
| Eolaíocht Talmhaíochta | Lá 9 AM (18/6) | Lá 9 PM (17/6) |
| Cuntasafocht | Lá 9 PM (18/6) | Lá 11 PM (19/6) |
| Grafaic Dhearthra agus Chumarsáide | Lá 11 PM (20/6) | Lá 12 AM (20/6) |
| Eacnamaíocht / Eacnamaíocht Talmhaíochta* | Lá 12 AM (21/6) | Lá 13 AM (21/6) |
| Iodáilis | Lá 13 AM (22/6) | Lá 14 AM (24/6) |
| Rúisis | Lá 7 PM (14/6) | Lá 14 AM (24/6) |
| Léann Clasaiceach / Laidin* | Lá 8 PM (15/6) | Lá 14 PM (24/6) |
| Teicneolaíocht | Lá 13 AM (22/6) | Lá 14 PM (24/6) |
| Araibis | Lá 5 AM (12/6) | Lá 15 AM (25/6) |
| Seapáinis | La13 AM (22/6) | Lá 15 AM (25/6) |
| Polaitíocht agus Sochaí | Lá11 PM (20/6) | Lá 15 AM (25/6) |

*Ábhair chomheisiacha de réir *Rialacha agus Clár le haghaidh Scoileanna Dara Leibhéal*

Fanfaidh na scrúduithe Ardteistiméireachta ar fad eile sna seisiuin chéanna scrúduithe a bhí ann anuraidh.

Níl aon athrú ar thráthchlár na scrúduithe san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Tráthchlár na Sraithe Sóisearaí

Déanfar scrúdúchán ar shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí don Eolaíocht agus Staidéar Gnó den chéad uair in 2019.

- Tá an scrúdú san Eolaíocht ar an sceideal don Luan 10 Meitheamh ó 2.00 i.n go 4.00 i.n. . Is éard a bheidh ann páipéar singil ar leibhéal comóna.
- Tá an scrúdú sa Staidéar Gnó ar an sceideal don Mháirt 11 Meitheamh ó 9.30 r.n go 11.30 r.n. Is éard a bheidh ann páipéar singil ar leibhéal comóna.

Cabhraíonn an t-athrú seo le tréimhse scrúdúcháin na Sraithe Sóisearaí a ghiorrú ar leath lá amháin. Cuirfear críoch le treimhse scrúdúcháin 11 lá na Sraithe Sóisearaí ag 12.00 meán lae An Chéadaoin 19 Meitheamh. Dá bhrí sin tá na scrúduithe sa Teicneolaíocht, san Iodáilis agus sa tSean-Ghréig ar an sceideal don Tráthnóna, An Mháirt 11 Meitheamh . Rinneadh scrúdúchán ar na hábhair sin an tráthnóna deiridh de na scrúduithe in 2018.

C. SCEIDIL NA nDÁTAÍ SCRÚDAITHE

Beidh na Béaltrialacha sa Ghaeilge agus sna Nua-Theangacha san Ardeistiméireacht, agus na Trialacha Praiticiúla sa Cheol san Ardeistiméireacht, ar siúl sa choicís **ón 25 Márta go dtí 5 Aibreán, 2019.**

Beidh na trialacha praiticiúla sa Cheol agus san Eacnamaíocht Bhaile sa Teastas Sóisearach ar siúl le linn na coicíse céanna sin.

I mbliana leanfar ar aghaidh leis na socrúithe a tugadh isteach in 2018 maidir le reáchtáil na scrúduithe praiticiúla Ardeistiméireachta sna hábhair Innealtóireacht agus Staidéir Foirgníochta. (Ciorclán CSS S95/17). Tá an t-athrú seo, a chuireann srian le so-lúbthacht na scoileanna i reáchtáil na scrúduithe, déanta ar mhaithe le hiontaobhas na scrúduithe seo. I mbliana beidh na scrúduithe praiticiúla sa **Staidéar Foirgníochta ar siúl An Chéadaoin, 1 Bealtaine, An Déardaoin 2 Bealtaine agus An Aoine 3 Bealtaine.** Ina dhiaidh sin beidh **Innealtóireacht ar siúl An Chéadaoin 8 Bealtaine, An Déardaoin 9 Bealtaine agus An Aoine 10 Bealtaine.**

Beidh na trialacha praiticiúla san Ealaín Teastas Sóisearach, sa Mhíotalóireacht Teastas Sóisearach agus san Ealaín Ardeistiméireacht (Sceitseáil Bheo) ar siúl sa tréimhse **29 Aibreán go 10 Bealtaine.** Beidh deis ag na scoileanna leas a bhaint as an gcoicís sin chun na scrúduithe praiticiúla a eagrú ar shlí a chuirfidh isteach a laghad agus is féidir ar chúrsaí scoile.

Leanfar i mbliana leis na socrúithe leasaithe maidir le dáileadh na bpáipéar scrúdaithe do na scrúduithe praiticiúla san Ealaín Teastas Sóisearach, agus san Ealaín Ardeistiméireacht (Sceitseáil Bheo). Eiseofar iad do na hiarrthóirí go léir, agus cuirfear suas ar an suíomh gréasáin www.examinations.ie. iad, **An Luan 1 Aibreán.**

Eiseofar ciorcláin mhionsonraithe faoin méid thuas luaite in am agus i dtráth.

D. TACAÍOCHT AR FÁIL DO ÚDARÁIS SCOILEANNA DE BHARR TRÁTHCHLÁR BREISITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

Tacaíocht bhreithe faoi na socrúithe le haghaidh Cúntóir Scrúduithe

Soláthraíonn an CSS scéim i gcomhair Cúntóir Scrúduithe a thugann rogha do húdaráis scoileanna Cúntóir Scrúduithe a cheapadh le cuidiú leis an bpríomhoide nuair a bheidh na scrúduithe stáit ar siúl nó le hionadaíocht iomlán a dhéanamh don Phríomhoide i gcás nach mbíonn sé/í ar fáil ar chúis ar bith.

Nuair a bhíonn gá le scoileanna oscailt ar 24 agus / nó 25 Meitheamh is féidir leo aon lá amháin nó dhá lá sa bhreis a éileamh gan stró faoi na socrúithe seo. Ar aon dul leis an scéim le haghaidh Cúntóir Scrúduithe, beidh cead ag an gCúntóir Scrúduithe ionadaíocht iomlán a dhéanamh don Phríomhoide ar na dátaí sin má bhíonn gá leis. Eiseofar ciorclán faoi Chúntóir Scrúduithe chuig scoileanna i mí na Márta ina leagfar amach tuilleadh sonraí faoi na socrúithe seo agus conas éileamh a dhéanamh.

Socrúithe maidir le hOscailt Scoileanna

Tuigeann an CSS go mbíonn socrúithe eagsúla ag scoileanna maidir le fostaíocht rúnaithe agus feighlithe scoile i dtreimhse an tsamhraidh, agus tuigeann siad go bhféadfadh costais sa bhreis a bheith i gceist de bharr an tráthchláir bhreithe i gcás roinnt scoileanna ag brath ar cé acu an mbeadh an scoil ar oscailt go hiondúil an dá lá sin agus cé acu an bhfuil conradh ag an rúnaí scoile agus / nó ag an bhfeighlí do na laethanta sin. Maidir leis seo beidh an CSS ag obair i bpáirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun údaráis scoileanna a chur ar an eolas faoi shonraí leith na socrúithe chun aon chostas sa bhreis a bhaineann le fostú rúnaithe agus feighlithe scoile ar 24 agus 25 Meitheamh 2019 a fháil ar ais. Beidh sé seo faoi réir ag aon rialacha agus rialacháin, tearmaí agus coinníollacha dá leithéid atá i gceist, bunaithe ar na cúinsí a bhaineann leis an scoil, an earnáil nó an duine ar leith. Beidh an t-eolas seo ag teacht amach i litir eile in am agus i dtráth.

Rochtain ar Chóras Taistil Scoileanna

Leanfaidh seirbhís chóras taistil scoileanna ag obair mar is gá. Beidh an CSS ag obair leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna le sonraí a chur ar fáil do na scoileanna a bhfuil gá leo oscailt 24 agus 25 Meitheamh.

E Dátaí na dTorthaí Scrúduithe agus na dTorthaí Achomharc

Caithfidh Udarais Scoileanna agus Iarrthóirí a bheith ar an eolas maidir le roinnt athruithe i gcás na ndátaí a eiseofar na torthaí scrúduithe agus achomharc 2019. Tagann na hathruithe sin isteach de bharr an tráthchláir nua do achomhairc na hArdteistimeireachta a bhfuil giorrú suntasach á dhéanamh air i mbliana.

- Eiseofar torthaí na hArdteistimeireachta **An Mhairt 13 Lúnasa**
- Eiseofar tairiscintí CAO Babhta 1 faoin **Aoine 16 Lúnasa**
- Beidh féachaint ar scrípteanna ar siúl sna scoileanna **An Mháirt 20 agus An Chéadaoin 21 Lúnasa 2019** agus caithfidh iarrthóirí iarratas a chur isteach le féachaint ar scrípteanna faoin Aoine 16 Lúnasa.
- Dáta deiridh le hiarratas a chur isteach le haghaidh achomharc a dhéanamh ar thoradh Ardteistimeireachta **Déardaoin 22 Lúnasa 2019**
- Eiseofar torthaí na n-achomharc do scoileanna le linn na **seachtaine a chríochnaíonn ar 20 Meán Fómhair 2019**

Eiseofar eolas mionsonraithe sa bhreis maidir le Féachaint ar Scrípteanna agus Próisis Achomharc in am agus i dtráth.

I ngeall ar an ngá le tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hAchomhairc na hArdteistimeireachta eiseofar **torthaí na scrúduithe don tSraith Shóisearach 2019** do scoileanna **go déanach i Meán Fómhair**.

Déan cinnte de, le do thoil, go dtarraingófar aird iarrthóirí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile ar an eolas tábhachtach atá faoi iamh sa chiorclán seo.

Má bhíonn aon cheist ar bith agat i leith an chiorcláin seo, déan teagmháil, le do thoil, le Coimisiún na Scrúduithe Stait tríd an ríomhphost chuig orals@examinations.ie nó tig leat dul i dteagmhail linn ar an bhfón ag (090) 6642741, 6642742.

Táim fíor bhuíoch díot as do chomhoibriú.

Andrea Feeney
Stiúrthóir, Rannóg na nOibriúchán agus Theicneolaíocht na Faisnéise
Feabhra, 2019